

Droch-aimsir

Ceist 1 againn

Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin droch-aimsir a bhí le os cionn seachtaine anuas.

Luaigh an droch-aimsir a bhí againn le seachtain anuas.

Ar chuir an droch-aimsir isteach ort féin?

Cén droch-aimsir a bhí againn an t-am seo anuraidh?

Ceist 2

Féach ar an mír anois. Cuir tic in aice leis na focail a úsáidtear sa sliocht agus ansin déan iarracht iad a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

a.

Scaip	
Tiománaithe	
Tubaiste	
Gluaisteáin	
Náisiúnachas	
Grá	
Dainséarach	
Deacrachtaí	
Ar shiúlóid	

b.

	Spread
	Drivers
	Cars
	Dangerous
	Difficulties

Ceist 3

Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén t-am a stopfaidh seirbhís Bhus Bhaile Átha Cliath?
2. Bhí fadhbanna le bóithre náisiúnta den dara grád agus cén cinéal eile?
3. Cén stop traenach atá dúnta?
4. Bhí go leor scoileanna dúnta i nDún na nGall agus cén contae eile?
5. Cá bhfuil an fhadhb le ganntanas uisce?
6. Tá a thuilleadh báistí, sneachta agus flichshneachta fógartha don Iarthar agus cén ceantar eile anocht?

Ceist 4 a. *'cuirfear deireadh le ...'*

Cén cineál briathair atá sa **chló dubh** thuas.

b. Scríobh an leagan san aimsir chuí den saorbhriathar do na briathra thíos.

1. Ceannaigh (Aimsir chaite)
2. Dún (Aimsir fháistineach)
3. Deisigh (Aimsir fháistineach)
4. Fág (Aimsir ghnáthláithreach)
5. Feic (Aimsir ghnáthláithreach)
6. Stop (Aimsir chaite)
7. Ól (Aimsir fháistineach)
8. Tarraing (Aimsir ghnáthláithreach)

Ceist 5 *'Ar siúl sna tithe...'*

Go minic deirtear '**insna**' sa chaint.

Déan iarracht "sa", "san", nó "sna" a chur sna bearnaí cearta thíos.

1. Is maith le Seán spraoi ___ gháirdín.
2. Tá an bainisteoir ___ oifig.
3. Tá Máire ___ bhaile anois.
4. Tá fógraí ___ coláistí ar fad.
5. Bhíodh Colm ag obair ___ iarsmalann.
6. Beidh siad _____ chlub níos déanaí.
7. Níl leictreachas acu _____ tíortha sin.
8. Bristear fuinneoga _____ cheantar sin go minic.
9. Bristear fuinneoga _____ eastát sin go minic.
10. Téigh isteach ___ siopaí thíos _____ bhaile mór ___ oíche.

Ceist 6 Pléigh an ráiteas seo leis an duine in aice leat nó mar dhíospóireacht ranga.

'Tá muintir na tíre sásta nach bhfuilimid in ann déileáil leis an droch-aimsir mar go dtugann sé leithscéal dúinn fanacht sa bhaile'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceistanna seo a phlé i mbeirteanna nó iad a phlé sa rang.

Ceist 2 a.

Scaip	
Tiománaithe	
Tubaiste	
Gluaisteáin	
Náisiúnachas	
Grá	
Dainséarach	
Deacrachtaí	
Ar shiúlóid	

b.

Scaip	Spread
Tiománaithe	Drivers
Gluaisteáin	Cars
Dainséarach	Dangerous
Deacrachtaí	Difficulties

Ceist 3

1. Stopfaidh seirbhís Bhus Bhaile Átha Cliath ar a naoi a chlog.
2. Cúlhbóithre.
3. Stop Uí Chonghaile
4. Sligeach, Contae Shligigh
5. Tá fadhb le ganntanas uisce i nGaillimh.
6. Tá a thuilleadh báistí, sneachta agus flichshneachta fógartha don Iarthar agus **ceantair i lár tíre**.

Ceist 4

a.

'cuirfear deireadh le ...'

Saorbhriathar san aimsir fháistineach atá i gceist.

b.

1. Ceannaíodh
2. Dúnfar
3. Deiseofar
4. Fágfar
5. Feictear
6. Stopadh
7. Ólfar
8. Tarraingítear

Ceist 5

1. Is maith le Seán spraoi sa gháirdín.
2. Tá an bainisteoir san oifig.
3. Tá Máire sa bhaile anois.
4. Tá na fógraí sna coláistí ar fad.
5. Bhíodh Colm ag obair san iarsmalann.
6. Beidh siad sa chlub níos déanaí.
7. Níl leictreachas acu sna tíortha sin.
8. Bristear fuinneoga sa cheantar sin go minic.
9. Bristear fuinneoga san eastát sin go minic.
10. Téigh isteach sna siopaí sa bhaile mór san oíche.

Ceist 6

Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Éimear Ní Chonaola

Thit sneachta mór agus scaip anoir aneas as Dún na nGall ar fud na tíre inniu. Bhí bóithre¹ contúirteach tar éis² sioc na hoíche aréir agus chuir sneachta an lae inniu tuilleadh leis na deacrachtaí a bhí ag tiománaithe. D'fhan roinnt scoileanna dúnta arís inniu. Ní bheidh seirbhísí Bhus Átha Cliath ar fáil tar éis³ a naoi a chlog anocht agus cuirfear deireadh le seirbhísí Bhus Éireann amach as Baile Átha Cliath⁴ ón a naoi a chlog freisin.

Siún Nic Gearailt

Sneachta agus leac oighir is mó a bhí ag cruthú fadhbanna do choisithe agus do ghluaisistéin leis, ach go háirithe ar bhóithre náisiúnta den dara⁵ grád agus na cúlhbóithre. Deir Iarnród Éireann go bhfuil seirbhís traenach ag feidhmiú ina hiomláine ach ní bheidh seirbhísí Bhus Éireann nó Átha Cliath ar fáil ó luath tráthnóna mar gheall ar aimsir níos measa⁶ anois. Seachas Stop Uí Chonghaile atá fós dúnta, tá an LUAS ag feidhmiú faoi⁷ mar is gnáth.

I rith an lae, leac oighir dubh, sneachta reoite agus ceo reoite a bhí ar dhaoine déileáil leis ar an gcósta thiar ó Chontae Luimnigh go Dún na nGall. Bhí na Comhairlí Contae ar a gcéad dícheall ag iarraidh salann a chur ar bhóithre ach ní raibh a gcuid oibre ach déanta acu nuair a reodh sé arís. Bhí bealach Chúl an Earagail⁸ i nDún na nGall dúnta ar feadh na deireadh seachtaine⁹ agus cé go bhfuil sé oscailte anois deirtear go bhfuil sé fós thar a bheith dainséarach.

D'fhan an-chuid scoileanna i Sligeach agus i nDún na nGall dúnta i rith an lae agus tá ganntanas uisce ag cruthú fadhbanna ach go háirithe sa Ghailimh, áit a iarrrtar ar dhaoine gan an t-uisce a fhágáil¹⁰ ar siúl sna¹¹ tithe. Tá a thuilleadh báistí, sneachta agus flichshneachta fógartha¹² don Iarthar agus ceantair¹³ i lár tíre anocht.

¹ Bóithrí a deirtear sa chaint

² Théis a deirtear i gcanúint Chonamara

³ Théis a deirtear i gcanúint Chonamara

⁴ Bleá Cliath a deirtear sa chanúint

⁵ Tarna a deirtear i gcanúint na Mumhan

⁶ Níos a mheasa deirtear

⁷ Fé a deirtear

⁸ Cloistear 'Cúl na hEaragaile' freisin

⁹ Úsáidtear 'ar feadh an deireadh seachtaine'

¹⁰ a fhágaint i gCanúint na Mumhan

¹¹ Ins na a deirtear sa chaint

¹² Fógraithe a deirtear

¹³ Ceantracha a deirtear sa chaint